
# Fo-thoghchán i nGaillimh Thiar


Eochairfhocail: iarrthóirí, an Coimisiún Toghcháin, vótáil, réamhchlárú

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé mhéad iarrthóir atá san iomaíocht don suíochán i nGaillimh Thiar?
2. Cathain a bheidh an fo-thoghchán ar siúl?
3. Cén grúpa daoine a thug cuairt ar scoileanna i gConamara?
4. Breac síos dhá rud a luann Antóin Ó Trinlúin faoinar labhair na hoifigigh leis na daltaí?
5. Cén fáth go bhfuil sé fíorthábhachtach go bhfoghlaimeodh na daltaí faoin gcóras vótála, dar le Máire Ní Dhomhnaill?
6. Cérbh é an t-aoisghrúpa ba lú a chaith vótaí in Olltoghchán 2024?
7. Cad a d’fhoghlaim John Joe Mac Cormaic ó oifigigh an Choimisiúin Toghcháin?
8. Cén aois í Ellie May Dunaird?
10. Cad is féidir le daoine a dhéanamh ar an suíomh idirlín check the register.ie? An bhfuil spéis agat féin i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann? Cén fáth?





## Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Aimsigh na botúin**


Beidh fo-thoghchán Ghaillimh Thiar ar siúl ar an dara lá is fiche den (1)mí seo. Tá an fo-thoghchán seo á rith mar gheall ar bhua Catherine Connolly i (2)Toghchán na hUachtaránachta mí na Samhna seo caite. Ba Theachta Dála de chuid Ghaillimh Thiar í Connolly mar sin tá a (3)shuíochán le líonadh. Is cinnte go mbeidh iomaíocht (4)ghéarr ann don suíochán. Is dáilcheantar mór agus fairsing í Gaillimh Thiar agus tá meascán de cheantair tuaithe agus uirbeacha ann. Ceapann (5)an saineolaithe gurb iad an Comhairleoir Noel Thomas ó Éire Neamhspleách agus an Seanadóir Seán Kyne (6) uaidh Fhine Gael an bheirt is mó a bhfuil seans acu an (7)suíocháin a bhuachaint. Beidh an-lá go deo i nGaillimh Thiar ar an 22 Bealtaine, gan (8)daht.

## Idirghníomhaíocht Labhartha:

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn. Bíodh na ceisteanna seo a leanas in úsáid agaibh mar threoir.**

1. An leanann tú cúrsaí polaitíochta in Éirinn? Cén fáth?
2. An bhfuil meas agat ar aon pholaiteoir ar leith? Cén fáth?
3. Ar chaith tú vóta cheana? An bhfuil tú cláraithe chun vóta a chaitheamh?
4. An gceapann tú gur post éasca é post an pholaiteora? Cén fáth?
5. Cén fáth, dar leat, nach bhfuil mórán spéise ag daoine óga sa pholaitíocht?
6. Cad is féidir a dhéanamh, i do thuairim, chun spéis daoine óga sa pholaitíocht a mhúscailt?
7. Ar tháinig aon pholaiteoir chuig do theach nó d'árasán ag canbhasáil? Ar labhair tú leis nó léi?
8. Ar mhaith leat a bheith i do pholaiteoir amach anseo? Cén fáth?





## Freagraí

1. 17
2. 22 Bealtaine
3. Ón gCoimisiún Toghcháin
4. Conas a oibríonn na toghcháin in Éirinn/gur féidir réamhchlárú le vótáil/conas vótáil/conas clárú le vótáil/tábhacht an daonlathais
5. Mar is iad sin na daoine a bheidh ag rith na tíre i gceann 20 bliain
6. 18-24
7. Go raibh tú in ann clárú roimh 18
8. 18
9. Clárú/cinntiú go bhfuil a gcuid sonraí suas chun dáta

Beidh fo-thoghchán Ghaillimh Thiar ar siúl ar an dara lá is fiche den mhí seo. Tá an fo-thoghchán seo á rith mar gheall ar bhua Catherine Connolly i dToghchán na hUachtaránachta mí na Samhna seo caite. Ba Theachta Dála de chuid Ghaillimh Thiar í Connolly mar sin tá a suíochán le líonadh. Is cinnte go mbeidh iomaíocht ghéar ann don suíochán. Is dáilcheantar mór agus fairsing í Gaillimh Thiar agus tá meascán de cheantair tuaithe agus uirbeacha ann. Ceapann na saineolaithe gurb iad an Comhairleoir Noel Thomas ó Éire Neamhspleách agus an Seanadóir Seán Kyne ó Fhine Gael an bheirt is mó a bhfuil seans acu an suíochán a bhuachaint. Beidh an-lá go deo i nGaillimh Thiar ar an 22 Bealtaine, gan dabht.

